An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# An tSraith d'Ábhair Theicneolaíochta

## Dúshláin Scoláirí - 4ú Bealtaine



Teicneolaíocht Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic




Teicneolaíocht an Adhmaid



# Dúshláin Teicneolaíocht Fheidhmeach

## Dúshlán 7



Tá an-tóir ar an trádáil turasóireachta in Éirinn. Tá comhlachtaí ag smaoineamh ar bhealaí nua spreagúla lena dtarraingtí a chur chun cinn agus leis an eispéireas do thurasóirí a fheabhsú.

Is iomaí comhlacht a úsáideann teicneolaíocht idirghníomhach leis sin a dhéanamh. Teicneolaíocht spéisiúil amháin atá ag teacht i dtreise is ea úsáid péint Sheoltach Lom a thugann slí iomlán nua dúinn ciorcaid leictreacha a chruthú.

Dear réiteach chun tarraingt turasóireachta de do rogha féin a chur chun cinn. Ag úsáid na bhfíseán mar spreagadh, luaigh conas a thiocfadh leat an phéint a úsáid le heispéireas níos fearr a thabhairt do thurasóirí.

Tabhair cuntas ar an teicneolaíocht uile a d'úsáidfeá leis sin a dhéanamh.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

https://www.youtube.com/watch?v=pVvEQUbhar8

https://www.youtube.com/watch?v=H1ZWqRPG2xk

## Dúshlán 8



**Tá córais íocaíochta gan tadhall á n-úsáid go forleathan le linn na paindéime COVID:19.**

Is féidir leis na córais sin cumarsáid neasréimse (NFC) a úsáid chun íocaíochtaí slána a dhéanamh.

1. Ainmnigh trí fheidhm (úsáid) atá ag córais íocaíochta gan tadhall.

2. An féidir leat roinnt tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a lua a bhaineann le córais íocaíochta gan tadhall.


3. Agus tú ag úsáid nótaí / sceitsí, mínigh conas a oibríonn NFC.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Chun níos mó a fhoghlaim faoi theicneolaíocht, cliceáil ar an nasc thíos.
https://youtu.be/vtCJewBisBs

# Dúshláin Innealtóireachta

## Dúshlán 7



**Túr Nuachtán**

Tóg le nuachtán an túr is láidre agus is airde agus a thig leat a sheasfaidh go daingean ar dhromchla cothrom.

Níl de dhíth ort ach nuachtán, siosúr agus seilitéip.

Is féidir suas le 8 nduilleog páipéar nuachta a úsáid ar a mhéad.

Má thiteann an túr go furasta, déan machnamh ar an bpróiseas agus athraigh do dhearadh beagán chun teacht ar thoradh níos fearr.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú::

Taispeántar san fhíseán dhá nóiméad seo samplaí agus smaointe chun do thúr nuachtáin féin a thógáil.

Gheobhaidh tú níos mór samplaí agus cuir chuige anseo chun iliomad túir pháipéir dhifriúla a thógáil

## Dúshlán 8



**Dearadh Táirgí**

Gabh ar fud do thí ar feadh 10 nóiméad agus le do ghuthán, tóg 3 phictiúr de rudaí i do theach ina bhfeiceann tú foirm ag leanúint feidhme?

I gcomhair gach sampla de do chuid, an féidir leat a mhíniú conas a chuireann foirm an ruda feabhas le feidhm an ruda.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Tabharfar roinnt samplaí duit san fhíseán 6 nóiméad seo de Foirm ag leanúint Feidhme agus míneofar an coincheap go mion.

Tá nasc anseo le beagán níos mó eolais ar dhearadh táirgí ina leagtar amach roinnt ríomhphointí simplí ar cheisteanna dearaidh.

# Dúshláin Ghrafaice

## Dúshlán 7





Is ceird í an Kirigami a úsáidtear chun preabchártaí 3T a chruthú. Is iomaí físeán teagaisc faoi sin ar YouTube.


Cruthaigh cárta kirigami a thabharfá do do rogha duine.


Naisc a d’fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Conas Preabchárta | Preabchártaí Cathrach a Dhéanamh –

https://www.youtube.com/watch?v=HA-zqA4Xm-w

## Dúshlán 8





Tóg réad áirithe éigin agus glac pictiúr de ó 5 amharcphointe dhifriúla. Cad é a aithníonn tú faoi na hionaid amhairc dhifriúla?

Cruthaigh colláis de do ghrianghraif agus déan achoimre ar do chonclúidí faoi na nithe atá mar an gcéanna agus na nithe atá difriúil faoin réad sna grianghraif éagsúla.

Naisc a d’fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Teilgean Ortagrafach i gcomparáid le Peirspictíocht

https://www.youtube.com/watch?v=2YtdGVzDFkw

# Dúshláin Teicneolaíocht Adhmaid

## Dúshlán 7



***Má chuirtear bláthanna agus toir thart timpeall an tí cuirtear leis an bhithéagsúlacht agus leis an luach aeistéitiúil.***

*Dear déantúsán a sheasfaidh uaidh féin nó a chuirtear le ball chun na críche sin.*

*Is gá go mbeadh an déantúsán féin maisiúil agus go léireodh sé téama de do rogha féin.*

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Chun foghlaim faoin níos mó bithéagsúlachta i do gharraí, cliceáil anseo.

## Dúshlán 8





***Dúshlán Smaointeoireacht Dearaidh***

*Aimsigh fadhb éigin sa teach s'agat agus ceap dearadh éigin lena réiteach*

*An sórt faidhbe a thiocfadh a bheith ann:*

- *Cá bhfuil an cianrialtán?*
- *Cá bhfuil eochracha an chairr?*
- *Nithe i gcúl preasa atá deacair a aimsiú…*

*Déan sceitse de do smaointe dearaidh deiridh agus /nó cruthaigh samhail chairtchláir de do smaointe.*

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Breathnaigh ar an bhfíseán seo chun foghlaim faoin bpróiseas dearaidh.

Cabhróidh an nasc seo leat samhail a chruthú de do dhearadh.

# Múinteoirí Teicneolaíochta …

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a dhearadh agus a thiomsú i gcomhair múinteoirí a chaithfeadh a bheith ag plé le cianteagasc.  Níl i gceist leis na gníomhaíochtaí seo ach moltaí féideartha faoi na tascanna a d’fhéadfadh scoláirí a dhéanamh.

Is cóir gurb í an aithne a bhíonn ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí féin a chuirfeadh bonn eolais faoina gcinneadh i dtaobh na ngníomhaíochtaí is fearr a d’fhóirfeadh dá scoláirí.

**Ba mhian linn taispeántas a dhéanamh de fhreagraí na scoláirí ar na dúshláin gach Aoine ar ár leathanach giolcaireachta JCt4**

**Dá mba mhian leat freagraí do scoláirí a bheith le feiceáil, cuir íomhánna den obair s’acu chuig an seoladh r-phoist JCt4 seo a leanas: michael.lynch@jct.ie**



Teicneolaíocht Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic



Teicneolaíocht an Adhmaid